# Dearcthaí agus Cleachtais Ghairmiúla maidir le Tionchar an Tumoideachais ar Dhaltaí i nGaelscoileanna atá lonnaithe i gCeantair faoi Mhíbhuntáiste: Deiseanna agus Dúshláin

*Karen Ní Chlochasaigh, Pádraig Ó Duibhir, agus Gerry Shiel*

*SEALBHÚ, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, agus an Foras Taighde ar Oideachas*

*karen.nichlochasaigh@gmail.com, padraig.oduibhir@dcu.ie & gerry.shiel@erc.ie*

**Abstract**

Irish immersion education, although traditionally deemed as an advantage enjoyed principally by middle-class families where parents were a driving force of demand and promotion, has become increasingly available to a more diverse body of students throughout Ireland. Diversity takes shape mainly in the socio-economic, linguistic, ethnic and special educational needs of students from various backgrounds attending Irish-medium schools. Thirteen Irish-medium primary schools situated in designated areas of disadvantage throughout Ireland are part of the DEIS[1] Plan, which offers additional support to improve the educational experiences and outcomes of young people who are at social disadvantage.

This paper examines the challenges and benefits of immersion for students in Irish-medium education in disadvantaged settings. We present data collected from school principals, teachers and special education teachers on the issues that impact the schools and their students. The main issues highlighted were poor acquisition of English as a first language, attending to the needs of children with learning difficulties, lack of awareness and diagnostic tools in Irish during psychological assessments, lack of parental support, deficiencies in appropriate teaching and assessment resources through Irish, the absence of language support for Irish and a language support teacher, and a need for a greater emphasis in teacher education on immersion education and on education in socially disadvantaged settings.

***Eochairfhocail**: an Dátheangachas, an Tumoideachas, Stádas Socheacnamaíoch, DEIS, Míbhuntáiste, Scoil lán-Ghaeilge*

## 1. Réamhrá

Ach oiread leis an gcóras tumoideachais i gCeanada sna luathbhlianta (Genesee, 1976; Hart & Lapkin, 1988), bhí cáil ar na gaelscoileanna in Éirinn i ndeireadh na 1970óidí gur ag freastal ar theaghlaigh mheánaicmeacha is mó a bhíodar (Ó Riagáin & Ó Gliasáin, 1979). Tá athrú ó bhonn tagtha ar an staid sin ó shin i leith agus níos mó páistí ná riamh ag fáil rochtain ar an tumoideachas in Éirinn, páistí ó chúlraí socheacnamaíocha ísle san áireamh. Is íseal fós í líon na ndaltaí ó chúlraí socheacnamaíocha ísle atá ag freastal ar ghaelscoileanna áfach. Bhí 145 bunscoil lán-Ghaeilge i bPoblacht na hÉireann in 2016 agus astu san bhí trí scoil déag le stádas DEIS. Sin thart ar 8% de ghaelscoileanna na tíre ina bhfuil níos mó ná 2,200 dalta ina iomlán ag freastal orthu. Tá na scoileanna seo roinnte de réir DEIS Banda 1 (sé scoil) a bhaineann leis na ceantair is boichte ó thaobh stádas socheacnamaíoch de, agus Banda 2 (seacht scoil) a bhaineann le ceantair bhochta ach nach bhfuil chomh bocht céanna le Banda 1. Bunaítear an chatagóiriú seo ar bhunachar sonraí ón Daonáireamh (*Small Area Population Statistics SAPS:* An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2012) agus ar shonraí dhaltaí ón Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) (*Primary Online Database POD*). Agus páistí ó chúlra socheacnamaíoch íseal ag freastal ar ghaelscoileanna, ardaítear ceisteanna faoi oiriúnacht an tumoideachais do na páistí sin agus na gnóthachtáil a dhéanann siad. Is é cuspóir an taighde seo léargas a thabhairt ar dhearcthaí agus cleachtais ghairmiúla múinteoirí, príomhoidí agus múinteoirí tacaíocht foghlama i ngaelscoileanna le stádas DEIS.

## 2. Léirbhreithniú litríochta

Is minic imní á léiriú sa litríocht idirnáisiúnta faoi thearcghnóthú oideachais dhaltaí ó chúlraí socheacnamaíocha ísle (Bornstein & Bradley, 2003; Demie & Lewis, 2011; Duncan & Brooks-Gunn, 2000; Hoff, 2003, 2006; Sirin, 2005). Glactar leis go forleathan go mbíonn impleacht ag an gcomhthéacs sóisialta ar léiriú foghlama an dalta (Chiu & McBride Chang, 2006; OECD, 2010) agus ar mhúnlú forbairt teanga an pháiste a bhíonn ceangailte go láidir le saibhreas sóisialta, eacnamaíocha agus cultúrtha i gcúlra an pháiste (Molloy, et al., 2016, p. 214).

Díríonn Butler, Sayer & Huang (2017) ar an mbaint nach beag a bhíonn ag aicme sóisialta agus stádas socheacnamaíoch (SSE) le luathshealbhú an Bhéarla mar T2.

Tugann staidéir áirithe le tuiscint go bhfuil ráta forbartha foclóra níos moille ag páistí le SSE íseal sa tréimhse réamhscolaíochta agus gnóthachtáil níos laige níos faide anonn (Hart & Risley, 2003; Peers, et al., 2000; Walker, et al., 1994). Féachtar ar réimsí srianta teanga sa bhaile, comhthéacs SSE na scoile agus na hacmhainní atá ar fáil do pháistí réamhscoile i staidéar Neuman et al. (2017) a shonraíonn an míbhuntáiste dúbailte (baile agus scoil) a bhaineann le páistí ó chúlraí bochta i gcomparáid lena bpiaraí ó chúlraí nach bhfuil chomh bocht céanna. Aithníonn peirspictíocht eile atá ar fáil sa litríocht áfach na difríochtaí i stíl teanga dhaltaí le SSE íseal in áit easnaimh sa T1 (máthairtheanga an duine), sé sin go n-úsáidtear réimsí teanga níos teoranta i gcomhthéacsanna sóisialta an lucht oibre nó patrúin sochtheangeolaíocha ilghnéitheacha (Labov, 1970) nach luíonn le spriocanna acadúla (Bernstein, 1996; Cause, 2010). Ardaítear ceisteanna mar sin, an é go bhfuil dlúthcheangal níos mó ag cleachtais agus iompair mheánaicmeacha leis an oideachas foirmiúil.

I réimse an tumoideachais, tá léargais ar fáil maidir le daltaí le heasnaimh sa chéad teanga agus le SSE íseal i gcomhthéacs dhaltaí i mbaol sa chóras tumoideachais i gCeanada (Genesee, 2004, 2007; Genesee & Fortune, 2014). Tá gaol aitheanta idir scileanna an pháiste sa chéad teanga ag tús na scoile agus rath an pháiste sa dara teanga agus san acadúlacht go ginearálta, a d'fhéadfaí a thuar bunaithe ar chumas sa T1 (Cummins, 2000). Maireann an cheist faraor, ar cheart don pháiste le cumas lag sa T1 freastal ar an gcóras tumoideachais (Genesee, 2004). Shonraigh staidéar Bruck (1982) gur éirigh chomh maith céanna le daltaí atá faoi bhac teanga a bhí ag freastal ar an gcóras tumoideachais is ar éirigh lena bpiaraí sa ghnáthchóras oideachais ach gur bhain siad amach cumas níos fearr sa dara teanga ag an am céanna.
Ar an nós céanna, fuarthas amach i staidéir a chuir SSE san áireamh go raibh daltaí ó chúlraí míbhuntáiste sa suíomh tumoideachais ar chomhleibhéal maidir lena bhforbairt sa T1 is a bhí daltaí ó chúlraí céanna nach raibh ag freastal ar an gcóras tumoideachais. Ghnóthaigh daltaí le SSE íseal scóir níos ísle ná a bpiaraí ó chúlraí meánaicmeacha, mar a tharlaíonn sa ghnáthchóras oideachais pé scéal é (Bruck, et al. 2015).

In Éirinn, tugtar go leor suntais don chomhthéacs sóisialta i ngnóthachtáil oideachais agus i bhforbairt pháistí (McCoy, et al. 2012; Sofroniou, et al. 2004). Maidir le cumas teanga, léiríonn taighde a rinne Molloy et al. (2016) le déanaí nach raibh an bhaint chomh mór is a bheifeá ag súil idir SSE agus cumas teanga labhartha pháistí sna naíonáin shóisearacha. Ní mór a thabhairt faoi deara sa staidéar úd áfach gur samplaí de shaorchaint chumarsáideach na ndaltaí i scoileanna le nó gan stádas DEIS a úsáideadh don tástáil agus nach trialacha caighdeánaithe a úsáideadh. Léiríonn staidéir a dhéanann scrúdú ar éifeacht stádas socheacnamaíoch ar ghnóthachtáil agus dhul chun cinn i samplaí náisiúnta (Kavanagh, et al. 2015; Weir & Denner, 2013) go ngnóthaíonn daltaí i scoileanna atá mar chuid den Phlean DEIS (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2017), meánscóir níos ísle go suntasach i léamh an Bhéarla agus sa mhata ná an meán náisiúnta. Ní haon eisceacht iad gaelscoileanna DEIS atá ag teacht leis an treocht seo in ainneoin go léiríonn scoileanna lán-Ghaeilge (SLG) go náisiúnta torthaí níos airde go suntasach i léamh an Bhéarla agus sa mhata i gcomparáid le bunscoileanna go náisiúnta. Tuairiscítear na difríochtaí suntasacha seo i bhfianaise na mbuntáistí a shamhlaítear le pobail mheánaicmeacha; tacaíocht níos treise ón mbaile, fáil ar níos mó leabhar srl. (féach Gilleece, et al., 2012). Go frithráiteach leis seo, áitíonn Harris, et al. (2006) go mbíonn tionchar dearfach ag timpeallacht foghlama an tumoideachais ar léamh na Gaeilge i measc dhaltaí nach mbíonn aon bhuntáiste socheacnamaíoch acu. Lasmuigh de na staidéir seo, agus in ainneoin an léargais a chuireann siad ar fáil, níl aon taighde déanta go fóill ar chleachtais ghairmiúla agus ar dhearcthaí gairmiúla i leith riachtanais agus dúshláin dhaltaí i ngaelscoileanna DEIS agus na tacaíochtaí a bhíonn de dhíth orthu.

Toisc faisnéis an staidéir atá á chur i láthair san alt seo a bheith ag teacht ó bhéalaibh agus ó phinn na n-oideachasóirí iad féin a bhíonn ag plé le daltaí i ngaelscoileanna DEIS go laethúil, féachadh ar staidéir eile inár díríodh ar a ndúirtmúinteoirí/príomhoidí faoi a bheith ag feidhmiú sa chóras tumoideachais in Éirinn agus na dúshláin agus ceisteanna sainiúla a ardaítear ina leith (Harris, et al., 2006; Ní Thuairisg & Ó Duibhir, 2016), beag beann ar an gcomhthéacs sóisialta. Múnlaíodh an mhodheolaíocht taighde don staidéar reatha ar an mórstaidéar NAIMS ’10 (*Measúnachtaí Náisiúnta 2010 ar Léitheoireacht Bhéarla agus ar Mhatamaitic i Scoileanna a Bhíonn ag Teagasc Trí Mheán na Gaeilge*: Gilleece, et al., 2012). I NAIMS ’10, bailíodh sonraí ag baint úsáide as ceistneoirí taighde príomhoidí agus múinteoirí

maidir le tréithe scoile agus múinteoirí, forbairt ghairmiúil leanúnach, muinín as teagasc, soláthar ar thacaíocht bhreise, acmhainní, cúrsaí measúnaithe, tús na léitheoireachta agus dúshláin i múineadh an Bhéarla agus na Matamaitice. Leanadh an cur chuige sa taighde reatha maidir leis na ceistneoirí taighde chun sonraí ó phríomhoidí agus mhúinteoirí a chur i láthair agus cuid mhaith de na téamaí céanna a bhaineann leis an gcóras tumoideachais i gcoitinne. Cuireadh tuilleadh ceisteanna a bhaineann le SSE leis an gceistneoir, a d'eascair ó mhórstaidéir na measúnachtaí náisiúnta ar na scoileanna DEIS go náisiúnta. Cinneadh ar chur chuige measctha don staidéar reatha ina raibh grúpaí fócais agus agallaimh aonair ina n-uirlisí taighde chomh maith ar mhaithe le sonraí cáilíochtúla a sholáthar don staidéar agus eolas níos doimhne a chur ar fáil.

Tá sé mar aidhm ag an alt seo na saincheisteanna a bhaineann leis an gcohórt scoileanna 'gaelscoileanna DEIS' a chíoradh tré léargais a chur ar fáil ar dhearcthaí agus chleachtais na bpríomhoidí agus na múinteoirí atá ag feidhmiú iontu agus a bhíonn ag plé le riachtanais na ndaltaí atá faoi thionchar míbhuntáistí sóisialta. Níl aon staidéar déanta go n-uige seo a fhiosraíonn ceist an SSE i gcomhthéacs Gaelscoileanna agus 'sé aidhm an staidéar seo ná an bhearna sin a líonadh.

**3. Próifíl na Scoileanna**

Tá trí cheathrú de ghaelscoileanna DEIS lonnaithe i gcathracha nó i mbruachbhailte Bhaile Átha Cliath, Chorcaí, Luimnigh, na Gaillimhe agus Phort Láirge agus an chuid eile (25%) lonnaithe i mbailte nó i gcathracha eile. Sonraíodh an meánráta tinrimh sna scoileanna a bheith ard, thart ar 94% agus gan mórán difríochta idir DEIS Banda 1 agus 2, atá ag teacht le Measúnachtaí Náisiúnta 2014 (Kavanagh, et al., 2015). I gcás daltaí na dTaistealaithe, léiríonn an staider reatha nach bufuil ach 1% de dhaltaí i ngaelscoileanna DEIS a rinne iad féin a aithint mar bhaill den Lucht Taistil ina iomláine agus iad ar fad i mBanda 2.

Sonraíodh gur fíorbheag iad líon na ndaltaí atá ag freastal ar Ghaelscoileanna DEIS a bhfuil Gaeilge acu mar phríomhtheanga, áit nach bhfuil aon chainteoir T1 i mBanda 1 agus 0.3% i mBanda 2. Cé go bhfuil an ráta de chainteoirí dúchais Gaeilge atá sonraithe i ngaelscoileanna go ginearálta íseal, thart ar 3% (NAIMS '10), níl sé chomh neamhshuntasach leis an bhfigiúr

atá á chur i láthair anseo. Tá líon na ndaltaí a thuairiscigh teanga eile seachas an Béarla nó an Ghaeilge a bheith acu mar mháthairtheanga (níos lú ná 1%) i bhfad níos ísle ná an meánráta náisiúnta (9.5%) agus níos ísle ná an meánráta i ngaelscoileanna go ginearálta (níos lú ná 2%) (NAIMS ’10).

**4. Modheolaíocht**

Rinneadh creatlach a dhearadh don taighde reatha a bhí bunaithe ar mhórthaighde na measúnachtaí náisiúnta (An Foras Taighde ar Oideachas) a chuaigh roimhe. Bhí gach scoil sásta páirt a ghlacadh sa taighde a chuimsigh:

i) ceistneoirí príomhoidí agus múinteoirí,
ii) grúpaí fócais a dhéanamh le múinteoirí rang a trí agus a sé, múinteoirí tacaíochta foghlama agus múinteoirí oideachas speisialta (MOS),
iii) agallaimh aonair le príomhoidí scoile.

Scaipeadh na ceistneoirí mar chéad chéim den obair ghoirt inar bailíodh sonraí ar phróifíl, chleachtais agus dhearcthaí phríomhoidí agus mhúinteoirí, trí chineálacha éagsúla ceistiúchán chun pictiúr críochnúil a sholáthar (Berg, 2001). Roghnaíodh ceithre scoil chun páirt a ghlacadh sna grúpaí fócais – dhá scoil DEIS Banda 1 suite i gcathracha agus dhá scoil Banda 2, ceann amháin i mbruachbhaile agus ceann eile i mbaile mór. Leanadh moltaí na litríochta chuí agus na grúpaí fócais á riar (Berg, 2001; Bloor, 2001; Dörnyei, 2007; Greenbaum, 2000). Riaradh na grúpaí fócais sna scoileanna agus tugadh cuireadh do mhúinteoir ranganna a trí agus a sé agus do MOS a bheith páirteach ann. Pléadh mórcheisteanna a bhí ag eascairt as an gceistneoir ar bhonn níos mine sa ghrúpa fócais agus rinneadh tuilleadh forbartha ar théamaí a bhí ag teacht chun cinn san anailís ar nós an teanga ina gcuirtear an tacaíocht foghlama nó teanga ar fáil, lagshealbhú na máthairtheanga (Béarla), deacrachtaí litearthachta sa dá theanga (Béarla agus Gaeilge) srl. Ghlac ar an meán ceathrar páirt i ngach grúpa fócais. Cinneadh gan an príomhoide a chur san áireamh sa ghrúpa fócais agus í/é a chur faoi agallamh aonair, ach amháin má bhí an príomhoide ag feidhmiú mar mhúinteoir ranga chomh maith. Fiosraíodh gnéithe den taighde ar nós deacrachtaí foghlama sa suíomh gaelscoile DEIS,

gnóthachtáil agus caighdeán teanga na ndaltaí, cleachtais an tumoideachais sa chomhthéacs, plé le tuismitheoirí agus leis an gceantar srl.

Baineadh úsáid as an gcóras staitistiúil SPSS chun anailís a dhéanamh ar na ceistneoirí a chuir faisnéis chainníochtúil ar fáil don mhórchuid ach roinnt ceisteanna oscailte. Minicíochtaí simplí a rinneadh le linn anailíse chun próifíl na scoileanna agus na múinteoirí a chur le chéile. Rinneadh an anailís féin ar SPSS ach tógadh na sonraí isteach in *Excel* ina dhiaidh sin chun cairteacha a dhearadh, mar a chuirtear i láthair san alt seo iad. Úsáideadh an bogearra a thacaíonn le sonraí cáilíochtúla NVivo chun anailís a dhéanamh ar na grúpaí fócais agus agallaimh na bpríomhoidí. Rinneadh códú ar an trascríbhneoireacht ó na grúpaí fócais agus na hagallaimh chun téamaí a aithint a bhí ag teacht chun cinn san anailís cáilíochtúil.

Leanadh nósmhaireachtaí eitice an Fhorais Taighde ar Oideachas agus an staidéar á chur i bhfeidhm. Cuireadh in iúl do phríomhoidí nach n-ainmneofaí aon scoil ar leith, go gcoimeádfaí ainmneacha na ndaltaí faoi rún, go gcoimeádfar na doiciméid taighde i dtaisce go sábháilte agus go scriosfaí iad i ndiaidh an staidéir.

## 5. Torthaí go n-uige seo

Is tré shúile na múinteoirí agus na bpríomhoidí scoile a chuirfear na torthaí i láthair atá leabaithe i dtaithí agus i dtuairimí na n-oideachasóirí i ngaelscoileanna DEIS.

### *5.1. Blianta Gníomhacha na bPríomhoidí*

Bhí taithí réasúnta ag príomhoidí an staidéir a bheith ag feidhmiú mar phríomhoidí. Beagnach dhá bhliain déag ar an meán an taithí a bhí acu i scoileanna DEIS Banda 1 agus níos lú ná sé bliana ar an meán i gcás príomhoidí DEIS Banda 2. Nuair a cuireadh na blianta a bhí caite acu ina múinteoirí roimhe sin san áireamh is beag difríocht a bhí eatarthu.

### *5.2. Próifíl na Múinteoirí*


Is baineannaigh iad 70% de mhúinteoirí an tsampla. Tá stádas buan faighte ag 85% de mhúinteoirí agus gan ach 5% acu fostaithe go sealadach (is ionadaithe iad an 10% eile). Sonraíodh go bhfuil os cionn dhá bhliain déag de thaithí mhúinteoireachta ag 63.2% de

mhúinteoirí ach gan aon mhúinteoir le níos mó ná cúig bliana déag de thaithí acu. Tá Máistreacht san Oideachas gnóthaithe ag 20% de na múinteoirí agus teastas sa bhreis ar an teastas múinteoireachta bainte amach ag 35% acu. Is ranganna aonghrád iad ar an meán 75% de ranganna a bhíonn á múineadh ag múinteoirí gaelscoile DEIS.

*5.3. Ráta na Leitheadúlachta i gCás Deacrachtaí Foghlama i nGaelscoileanna DEIS*

Is ceist chonspóideach í daltaí ó chúlra SE íseal a bheith ag freastal ar ghaelscoileanna agus ardaítear an cheist faoi dhaltaí a bhfuil deacrachtaí foghlama acu sa chomhthéacs seo. Tuairiscíodh raon fairsing de dheacrachtaí foghlama a bheith ag 17.5% de dhaltaí sa staidéar reatha, de réir na bpríomhoidí. Tá an ráta seo níos airde ná ráta na leitheadúlachta i sampla randamach SLG go náisiúnta a thuairiscíonn céatadán 11.3% (Andrews, et al., 2018) agus staidéar níos luaithe Nic Gabhann (2008) a thuairiscigh 7.8%.

Is iad na deacrachtaí foghlama is mó atá ag daltaí gaelscoile DEIS ná 'Deacrachtaí Foghlama Sainiúla', ar nós diandheacrachtaí disléicse nó dioscalcúile atá ag 5.8% de dhaonra na ndaltaí. An dara deacracht is mó ná 'Míchumas Foghlama Ginearálta Éadrom' a sonraíodh a bheith ag 2.8% de dhaltaí i ngaelscoileanna DEIS. Glactar leis na deacrachtaí seo mar dheacrachtaí foghlama 'ard-mhinicíochta' in oideachas riachtanas speisialta a ndéantar plé leo ag leibhéal an ranga / na scoile go minic (Banks & McCoy, 2011). Is ar bhonn ranga / scoile a bhítear ag plé le daltaí le deacrachtaí foghlama don chuid is mó de réir sonraí na gceistneoirí a chuireann in iúl go bhfuil 26.8% de dhaltaí a bhfuil deacrachtaí foghlama acu ag fáil tacaíochta in-ranga agus 53.7% acu ag fáil tacaíochta ar bhonn scoile. Fágann sé sin nach bhfuil sé róshoiléir cén saghas tacaíochta a bhíonn ar fáil don 19.4% eile de dhaltaí le deacrachtaí foghlama i ngaelscoileanna DEIS agus an é go bhfuil siad ag feithimh ar mheasúnú agus/nó thacaíocht bhreise. Níor sonraíodh dalta ar bith le siondróm Down a bheith ag freastal ar ghaelscoileanna DEIS.




*Figiúr 1: Céatadán na nDaltaí le Cineálacha Éagsúla Deacrachtaí Foghlama (De réir Sonraí Ceistneoirí na bPríomhoidí)*

Is léir nach bhfuil aon chur chuige amháin ann chun dul i ngleic le daltaí le deacrachtaí foghlama i ngaelscoileanna DEIS agus go maireann go leor éiginnteachta. Braitheann an chaoi ina gcuirtear tacaíocht ar fáil go mór ar acmhainní na scoile agus cuirtear meascán den tacaíocht in-ranga agus lasmuigh de ar fáil. Meabhraítear go minic sa litríocht a bhaineann le riachtanas speisialta nach leor don dalta le deacracht foghlama a bheith comhtháite sa scoil phríomhshrutha (*integration*) ach nach mór don scoil athrú go radacach chun freastal ar riachtanas gach dalta trí cur chuige cuimsithe (*inclusive*) a chur i bhfeidhm (Banks & McCoy, 2011). Ardaíonn sé seo ceist maidir le daltaí le deacrachtaí foghlama agus le riachtanais speisialta i ngaelscoileanna DEIS agus conas mar a dhéantar freastal orthu go cuimsitheach sa chaoi céanna is a dhéantar le daltaí eile. Léirigh príomhoidí an dearcadh go bhfuil sé de cheart ag gach dalta an teacht céanna a bheith acu ar churaclam agus go ndéanfaí freastal cuí orthu i bpríomhtheanga acadúil agus chumarsáide na scoile. Cé go bhfuil go leor acmhainní ar fáil do dhaltaí le deacrachtaí foghlama agus go bhfuil idirghabhálacha agus scéimeanna éifeachtacha curtha i bhfeidhm ag gaelscoileanna DEIS, níl fáil ar na hacmhainní i nGaeilge, a

léiríonn bearna nó dúshlán sa chóras freastal ar phríomhtheanga foghlama dhaltaí le deacrachtaí foghlama.

Is ábhar buartha é d'oideachasóirí, lucht deartha polasaithe agus do thuismitheoirí cé chomh oiriúnach is atá an t-oideachas dátheangach do dhaltaí atá i mbaol go hacadúil (féach Genesee & Fortune, 2014). Bhí na príomhoidí sa staidéar reatha go láidir den tuairim bunaithe ar a gcuid taithí, áfach, nach ndéanann an tumoideachas aon dochar don pháiste agus go mbeadh na fadhbanna céanna acu fiú dá mbeidís ag freastal ar scoil Bhéarla. Phléigh múinteoirí áirithe an tslí ina mbíonn daltaí le disléicse compordach dul i ngleic le héiginnteacht sa rang i gcomparáid leis an té gan an deacracht foghlama acu (GFD).[2] Anuas ar an disléicse, sonraíodh deacrachtaí iompair ar nós NHEA (Neamhoird Hipirghníomhachta an Easnaimh Airde) a bheith coitianta i measc daltaí chomh maith. Ní bhaineann deacrachtaí ar nós seo le teanga in aon chor agus de réir múinteoirí áirithe an tsampla, éascaíonn an dátheangachas ar fhadhbanna mar seo toisc go mbíonn an dá thaobh den intinn in úsáid ag daltaí (GFC).

### *5.4. Cúrsaí Measúnaithe i gcás Daltaí le Deacrachtaí Foghlama*

Maidir le measúnú in-ranga, is iad na huirlisí is mó a bhíonn in úsáid ag múinteoirí ná dírbhreathnú, trialacha caighdeánacha, measúnú leanúnach ar léitheoireacht, litriú agus caint ó bhéal agus *Féasta Focal*.[3] Bítear ag brath go láidir ar na trialacha caighdeánacha chun daltaí le deacrachtaí foghlama a aithint ach léirigh múinteoirí a gcuid míshástachta maidir le huirlisí chun forbairt an pháiste a thomhas in-ranga go leanúnach. Feictear forbairt i measc na bpáistí tar éis dóibh tacaíocht teanga/foghlama a fháil ach tarlaíonn an fhorbairt seo go mall i gcás páistí a bhfuil diandheacrachtaí acu. Ardú féinmhuiníne agus tuiscint ar ábhar is mó a shamhlaítear leis an dul chun cinn.

### *5.5. Measúnaithe Síceolaíochta agus Plé le Síceolaithe*

Dealraíodh sa staidéar gur as Béarla a dhéantar measúnaithe síceolaíocha i ngaelscoileanna DEIS go ginearálta. Bhí na príomhoidí nach mór ar aon ghuth go bhfuil bearnaí sa chur chuige seo. De réir príomhoide amháin, 'Cruthaíonn sé sin saghas meon is dócha gur sa Bhéarla a theastaíonn an tacaíocht' (AA).[4] 'Má dhéantar measúnú ar pháiste ghaelscoile i mBéarla, tá sé á dhéanamh i ndara teanga foghlama an pháiste', a chur príomhoide eile in iúl ar an

gceistneoir. Dar le faisnéiseoirí an taighde, ní mór riachtanais iomlán an pháiste a chur san áireamh ar bhonn níos feasaí agus cúramaí sna measúnachtaí.

Braitheann eispéireas na scoile a bheith ag plé le síceolaí go mór ar an scoil agus an síceolaí féin. I gcásanna áirithe bíonn tuiscint ag an síceolaí agus bíonn an teagmháil leis an scoil an-sásúil. Phléigh príomhoidí áirithe a gcuid díomá, áfach, maidir le síceolaithe ag moladh do thuismitheoirí a leanbh a bhogadh ón scoil mar gheall ar dheacracht foghlama, gan an t-eolas cuí ná cruinn a chur san áireamh i leith an pháiste. Tá an taoide seo ag casadh go mall áfach agus tá 'feabhas tagtha ar dhearcadh na síceolaithe' (Ceistneoir Scoile) dar le príomhoide eile. Ní tharlaíonn sé go ró-mhinic anois go bhfágann dalta an ghaelscoil DEIS mar gheall ar dheacrachtaí foghlama dar lena bpríomhoidí.  Moltar sa taighde seo  triail aonair as Gaeilge chun freastal níos fearr a dhéanamh ar dhaltaí le deacrachtaí foghlama i ngaelscoileanna DEIS. Braitheann an taithí leis an síceolaí ar an scoil féin agus bhí easpa comhsheasmhachta le sonrú i gcuntais na múinteoirí maidir le hinniúlacht sa teanga agus tuiscint ar an gcomhthéacs a bheith ag síceolaithe. I gcás scoileanna áirithe bíonn taithí na scoile leis an síceolaí sásúil ach tá scoileanna eile nach raibh aon síceolaí acu ag an am inar rinneadh na grúpaí fócais agus scoileanna eile ina raibh síceolaithe ag teacht agus ag imeacht:

> Níl aon síceolaí againn le bliain go leith anuas anois ... Bhí duine againn le fada fada agus thuig sí an suíomh agus bhí sí go hiontach, ba iar-mhúinteoir í … Tá fear faighte againn agus tá sé go maith ach bíonn sé chomh gnóthach … Tháinig bean isteach le déanaí agus rinne sí ceithre cinn de mheasúnaithe … ach … níor thuig sí an suíomh … ní raibh an bá aici do na páistí agus bhí sí nach mór ag caitheamh anuas ar na tuistí (GFA2).

Is cosúil sa chás go mbíonn seirbhís NEPS ar fáil go mbíonn an scoil sásta agus tá an scéal duairc nuair nach bhfuil na seirbhísí cuí ar fáil.

Nuair a chuireann síceolaí tacaíocht ar fáil sa scoil, is trí Bhéarla a chuirtear an tacaíocht sin ar fáil. I dtaithí na múinteoirí molann cuid de na síceolaithe nár cheart do pháistí le deacrachtaí foghlama fanacht sa suíomh gaelscoile:

> Agus rud a tharla go minic roinnt blianta ó shin a bhris mo chroí ná, bheifeá marbh ag iarraidh cabhrú le leanaí agus ansan bheadh an tástáil síceolaíochta agus ansin d'fhéadfadh rud éigin teacht ón síceolaí go raibh na deacrachtaí teanga seo go léir ag an leanbh *so* bheadh sé níos fearr i ngnáthscoil. Agus ansan d'fhág leanaí agus is rud diúltach é sin (GFB).

Ar an iomlán thuairiscigh múinteoirí a bheith sásta leis an tseirbhís a chuireann NEPS ar fáil.


### *5.6. Tacaíocht, Idirghabháil agus Áiseanna*

Níl aon difríocht le sonrú maidir le meánráta na bpostanna tacaíochta de réir Banda na scoile ina bhfuil ar an meán 1.6 post tacaíochta GAM/EAL (*General Allocation Model/English as an Additional Language*). Is ceist phráinneach í áfach nach bhfuil aon phost tacaíochta teanga, le faomhadh oifigiúil, ag aon scoil sa sampla. Cé go bhfuil an meánráta náisiúnta íseal do phostanna tacaíochta teanga (Kavanagh et al. 2015), áit ina gcuirtear tacaíocht teanga don T2 ar fáil do pháistí atá nua chun na tíre, tá moladh láidir ann dar le húdair an ailt go bhfuil na tacaíochtaí céanna de dhíth ó dhaltaí i ngaelscoileanna don dara teanga atá ina céad teanga foghlama acu, is í sin an Ghaeilge.

Dar le faisnéiseoirí an taighde, nuair a bhíonn tuilleadh tacaíochta ón bhfoireann i bhfoirm MOS, bíonn torthaí a gcuid oibre sofheicthe i ngnóthachtáil toisc gur féidir cur chuigí éagsúla a chur i bhfeidhm; idirghabhálacha, buíon/stáisiúin teagaisc, freastal ar pháistí ar ísealéirim chomh maith leo siúd atá ar ardéirim srl. Bíonn dúshláin le foireann tacaíochta sheasmhach sna scoileanna agus cuireann príomhoidí an-luach ar leanúnachas agus tuiscint na foirne tacaíochta ar an gcomhthéacs scoile. Chuirfeadh príomhoidí fáilte roimh a leithéid de Mhúinteoir Tacaíochta Teanga ar bhonn práinne chun próifíl na Gaeilge sa scoil a fhorbairt i measc go leor cúraimí eile; tacú le hAistear a chur i bhfeidhm, teanga neamhfhoirmiúil, shóisialta na ndaltaí agus fónaic na Gaeilge a fhorbairt sna Naíonáin, idirghabhálacha litearthachta na Gaeilge srl. Níl cothrom na féinne á fháil ag daltaí ghaelscoileanna DEIS gan na tacaíochtaí seo, dar le príomhoidí.

Tá céatadán an-bheag de dhaltaí ag fáil tacaíochta teanga don Ghaeilge (0.5%) i ngaelscoileanna DEIS Banda 1 agus níl aon dalta i ngaelscoileanna DEIS Banda 2 ag fáil tacaíochta teanga don Ghaeilge. Is minic a chuirtear tacaíocht ar fáil trí Ghaeilge don mhata agus is cinneadh na scoile é seo. Bheifí ag súil leis go gcabhródh Curaclam Teanga na Bunscoile: Scoileanna Gaeltachta agus Lán-Ghaeilge (An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, 2015) leis an easpa cinnteachta maidir le cé acu teanga ar cheart tacaíocht teanga a chur ar fáil inti agus go méadófaí ar an tuiscint i measc na foirne go dtrasnódh scileanna i sealbhú an dara teanga go dtí an chéad teanga.


Léiríonn Figiúr 2 gur líonmhaire i bhfad iad líon na ndaltaí atá ag fáil tacaíochta foghlama don Bhéarla (15.8%) agus don Mhata (15.9%) i ngaelscoileanna DEIS i gcomparáid le líon beag na ndaltaí atá ag fáil tacaíochta foghlama don Ghaeilge (1.7%). In ainneoin go bhfuil níos mó cailíní ná buachaillí cláraithe ar rollaí na scoileanna, tá sé suntasach ón bhfigiúr thíos go bhfuil céatadáin níos airde buachaillí ag fáil tacaíochta foghlama don Bhéarla agus don Mhata ná mar atá cailíní agus fiú i gcás na Gaeilge, cé nach bhfuil sé suntasach go staitistiúil.




*Figiúr 2: Céatadán na nDaltaí a bhí ag fáil Tacaíochta Foghlama/Acmhainne don Ghaeilge, Bhéarla, Mhata de réir Banda na Scoile agus Inscne na nDaltaí (De réir Sonraí Ceistneoirí na bPríomhoidí)*

Cuirtear ábhar machnaimh ar fáil anseo maidir leis na réimsí ina gcuirtear tacaíocht foghlama ar fáil i ngaelscoileanna DEIS. Is ceist eile ar fad í an teanga ina gcuirtear an tacaíocht sin ar fáil. Tuairiscíonn staidéar Uí Dhuibhir et al. (2015, p. 88) céatadán i bhfad níos airde de thacaíocht foghlama trí mheán na Gaeilge i dTuaisceart Éireann (94.7%) ná mar a chuirtear ar fáil i SLG ó dheas (47.1%).

Feictear i sonraí na múinteoirí chomh maith a lú béime is a chuirtear ar an tacaíocht teanga don Ghaeilge i ngaelscoileanna DEIS agus gur buachaillí iad formhór de líon beag na ndaltaí sin a fhaigheann tacaíocht teanga don Ghaeilge (2.3% de dhaonra iomlán na ndaltaí i gcomparáid le 0.57% atá ina gcailíní) (Figiúir 3). Níl oiread is cailín amháin ag fáil tacaíocht teanga don Ghaeilge i rang a sé ach tá líon na gcailíní i rang a trí atá ag fáil tacaíocht teanga don Bhéarla níos airde ná líon na mbuachaillí.




*Figiúr 3: Tacaíocht Teanga de réir Teanga agus Inscne - % Daltaí (De réir Sonraí Ceistneoirí na Múinteoirí)*

Is fíorbheag an tacaíocht foghlama a chuirtear ar fáil don Ghaeilge agus is don mhata is mó a chuirtear tacaíocht foghlama ar fáil, leis an mBéarla sa dara háit. Níl sé seo ag teacht le staidéar NAIMS ’10 a thuairiscigh níos mó tacaíochta foghlama don Bhéarla ná don mhata i SLG.

Is go dátheangach a chuirtear tacaíocht don léitheoireacht ar fáil don chuid is mó (57.9%) ach cuirtear 36.8% den tacaíocht don léitheoireacht ar fáil tré mheán an Bhéarla amháin. Is beag tacaíochta don léitheoireacht (5.3%) a chuirtear ar fáil tré mheán na Gaeilge amháin. A mhalairt atá ann don mhata ina gcuirtear tacaíocht ar fáil tré mheán na Gaeilge ag 52.6% de mhúinteoirí agus tré mheán an Bhéarla amháin ag 5.3% de mhúinteoirí. Is go dátheangach a chuirtear tacaíocht don mhata ar fáil ag an gcuid eile – 42.1%.

Ardaíodh go leor plé sna grúpaí fócais maidir le a dheacra is atá sé freastal ar na daltaí ar fad a bhfuil riachtanais speisialta acu i gceantar míbhuntáiste, toisc caighdeán an Bhéarla a bheith chomh lag acu. Is trí Bhéarla a chuirtear an tacaíocht ar fáil dá bharr. Bhí idir feasacht agus fáilte le sonrú i measc na múinteoirí maidir le Curaclam Teanga na Bunscoile (CNCM, 2015) a chur i bhfeidhm agus na buntáistí a bhaineann le freastal ar an dá theanga go comhtháite. Tá roinnt amhras fós ar mhúinteoirí maidir le praiticiúlacht na ceiste seo i ngaelscoileanna DEIS áfach:

> **MOS:**
> Bhuel rinne mé roinnt mhaith staidéar breise nuair a bhí an curaclam nua á fhorbairt, rinne mé mo mháistreacht ag an am agus bhí mé ag féachaint ar shealbhú dara teanga sna Naíonáin agus rith sé liom nuair a léigh mé faoi traschur scileanna, *so* creidim go láidir sa mhéid atá sa churaclam nua ach tá múinteoirí eile ann nach gcreideann go dtraschuireann na scileanna agus gurbh fhearr freastal ar an dteanga baile i gcónaí. Ní chothaíonn sé coimhlint ar an bhfoireann.
> **Múinteoir Rang a Trí:**
> Ní chothaíonn sé coimhlint ach tá bearna ann.
> (GFB)

### *5.7. Acmhainní, Scéimeanna agus Idirghabháil*

Cé go bhfuil méid áirithe acmhainní ann don scolaíocht trí mheán na Gaeilge, moltar go gcuirfí tuilleadh acmhainní teagaisc agus foghlama ar fáil ar-líne as Gaeilge agus ar leibhéal teanga níos insroichte do dhaltaí gaelscoile DEIS. Bítear ag brath go mór ar chumas an mhúinteora a bheith ag aistriú, ag simpliú, ag cruthú agus ag aimsiú acmhainní ag an leibhéal cuí. Go minic,

braitheann cur i bhfeidhm scéimeanna go láidir ar infhaighteacht an MOS chun an scéim a riaradh go héifeachtach sa seomra ranga.

Luadh go leor scéimeanna agus idirghabhálacha d'aisghabháil na litearthachta i measc na múinteoirí ach go háirithe iad seo a leanas chun treisiú a dhéanamh ar an litearthacht: *Literacy Leap, Oxford Reading Tree, Toe by Toe, Reading Recovery, First Steps.* Tugadh cuntas ar dhea-chleachtais aisghabháil na litearthachta trí Ghaeilge ar dtús agus trí Bhéarla ó na Naíonáin Shinsearacha ar aghaidh i scoil DEIS Banda 2. Tá an iarracht seo bunaithe ar ghnéithe d'fheasacht na Luathlitearthachta (Clay & NigUidhir, 2006) agus tá 'torthaí dochreidte' le feiscint san iarracht, dar leis na múinteoirí a chuireann i bhfeidhm é trí stáisiúin teagaisc a chur ar bun leis na Naíonáin (GFB).

*5.8. Cur chuigí maidir le Tacaíocht Foghlama a sholáthar*

Nocht 80% de mhúinteoirí an tuairim gurb í an aistarraingt ón rang mar ghrúpa an cur chuige is mó a úsáidtear i ngaelscoileanna DEIS i rang a trí agus a sé don mhata agus don Bhéarla. Deir 65% de mhúinteoirí go mbaineann siad úsáid as an tacaíocht in-ranga ach chomh maith leis seo deir 35% de mhúinteoirí go mbaineann siad úsáid as aistarraingt ón rang mar dhuine aonair.

Braitheann an cur chuige go mór ar an rang, ar an ábhar agus ar an suíomh. Más é cur chuige na scoile buíon teagaisc a chur ar siúl, de ghnáth sa chur chuige sin tagann an MOS isteach sa rang agus cuirtear stáisiúin ar bun. Sa chur chuige seo, bíonn sé d'acmhainn ag an múinteoir agus an MOS am a chaitheamh le gach páiste sa rang agus mar sin meastar éifeacht a bheith bainteach leis. I gcásanna eile, bheadh sé níos oiriúnaí an dalta a tharraingt amach ón rang ina (h)aonar nó meascán den dá chur chuige a chur ar fáil.

*5.9. Caighdeán Teanga na bPáistí sa T1 agus T2*

Is é an dúshlán is mó a bhíonn le sárú ag gaelscoileanna DEIS, dar le príomhoidí, ná caighdeán lag na ndaltaí sa mháthairtheanga (sin Béarla). Is cúinsí sóisialta a bhaineann le ceantair mhíbhuntáiste den chuid is mó is cúis leis seo. Nochtann príomhoide amháin i ngaelscoil DEIS Banda 1 nach bhfuil taithí ag thart ar 60% de na daltaí ar scéal a bheith léite dóibh agus nach mbíonn sé ar chumas na leanaí labhairt fúthu féin nó a mbéal 'a mhúscailt i


gceart chun fuaimeanna a rá' (AD). Feictear go bhfuil taithí agus seilbh ag na leanaí ar gléas ilmheánach láimhe ó aois an-óg chomh maith agus bíonn impleacht aige seo ar shealbhú, shaibhriú agus litearthacht teanga an pháiste.

Thuairiscigh príomhoidí go bhfuil caighdeán réasúnta Gaeilge ag daltaí gaelscoileanna DEIS ach go mbíonn na gnáthfhadhbanna acu a bhaineann le comhréir agus gramadach. Nuair a dhéantar tástáil ar scileanna léitheoireachta sna trialacha caighdeánacha, tá sé spéisiúil do na scoileanna go mbíonn na scóranna céanna ag na daltaí sa Ghaeilge agus sa Bhéarla.

Ceann de na dúshláin eile a bhaineann le lagchaighdeán an Bhéarla agus na Gaeilge ná an easpa tacaíochta ón mbaile. Is beag tuismitheoir a bhfuil Gaeilge acu agus samhlaítear obair scoile leis an scoil. Tá na scoileanna ag iarraidh eolas agus feasacht tuismitheoirí a ardú chun cur lena gcumas cabhrú lena bpáiste sa bhaile agus caidreamh baile-scoile a threisiú. Pléadh na mórdheacrachtaí baile a fheictear do phríomhoidí sna ceantair ina bhfuil na scoileanna suite, cuir i gcás, easpa deiseanna oideachais nó fostaíochta, bochtaineacht, clainne gan dídean agus fadhbanna mothúchánacha na ndaltaí. Mínítear go mbíonn an-éileamh i measc tuismitheoirí a bpáistí a chur chuig gaelscoil chun deis mhaith a bhronnadh ar an bpáiste agus go dtaitníonn cur chuigí na ngaelscoileanna le tuismitheoirí a raibh taithí oideachas diúltach acu féin nó b'fhéidir a d'fhreastail ar an ngaelscoil chéanna iad féin.

### *5.10. Na Dúshláin is Mó dar le Múinteoirí*

Ní haon ionadh é gurb é an dúshlán is mó do mhúinteoirí ó thaobh tacaíochta a thabhairt do dhaltaí le deacrachtaí foghlama ná easpa ama. Anuas air sin, cuireann easpa tacaíochta ó thuistí, spreagadh íseal i measc dhaltaí le deacrachtaí foghlama agus ganntanas nó neamhleor ábhar foghlama isteach 'go mór' nó 'méid áirithe' ar mhúinteoirí. Má fheictear ar na colúin ghorma thíos áfach a chuireann in iúl na dúshláin a chuireann isteach ar mhúinteoirí 'go mór' amháin, feictear go gcuireann sé isteach 'go mór' ar mhúinteoirí 'gan an chomhairle sna tuairiscí ó ghníomhaireachtaí mar NEPS a bheith oiriúnach do chomhthéacs an ranga dhátheangaigh'. Is díol spéise é go gcuireann 31.6% de mhúinteoirí in iúl go gcuireann 'ísealchumas ag daltaí sa teanga labhartha – Gaeilge' isteach 'go mór' orthu.




*Figiúr 4: Na Dúshláin is mó a chuireann isteach ar Mhúinteoirí - % Múinteoirí*

Rinneadh tuilleadh iniúchadh ar na dúshláin seo i ngrúpaí fócais na múinteoirí agus tháinig sé chun solais go mbíonn deacrachtaí traschuraclam acu siúd a mbíonn deacrachtaí teanga acu sa Ghaeilge agus go n-ardaíonn an fhadhb seo easpa muiníne i measc na ndaltaí úd agus easpa suime dá bharr.

### *5.11. Ráta an Laghdaithe*

Dealraíonn sé go bhfuil seans níos mó ann go bhfágfadh dalta an scoil má tá siad i ngaelscoileanna DEIS Banda 1 ná Banda 2. Má fhágann siad is go dtí scoil Bhéarla nó scoil speisialta a théann siad den chuid is mó.

Chuir múinteoirí i scoil amháin Banda 2 in iúl go bhfuil an-bhaint ag meon nó seasamh na dtuismitheoirí leis an scéal agus go mbíonn siad 'den tuairim go bhfuil sé ag cur lena ndeacrachtaí a bheith ag foghlaim trí Ghaeilge'. Go minic áfach, beartaíonn na tuismitheoirí an dalta a fhágáil sa scoil mar nach bhfuil siad ag iarraidh 'an ceangal a chailliúint' nó cur isteach ar shonas an pháiste (GFD).

*5.12. Múineadh na Matamaitice*

Níor tuairiscíodh casadh ar an mBéarla do mhúineadh an mhata in aon rang a trí sa staidéar ach dúirt 9.1% de mhúinteoirí rang a sé go gcastar ar an mBéarla, chun daltaí a ullmhú don mheánscoil is cosúil. De réir na sonraí, maíonn 63.6% de mhúinteoirí rang a sé go múineann siad mata trí mheán na Gaeilge amháin agus maíonn 27.3% acu go n-úsáideann siad cur chuige dátheangach. Is í an scéim is mó a úsáidtear ná Matamaitic Beirte agus cuir chuige ar nós múineadh i stáisiúin teagaisc.

*5.13. Oiliúint Mhúinteoirí*

> Ní raibh aon réiteach le bheith ag múineadh i ngaelscoil nuair a bhí mise sa choláiste, seachas dul amach ar TP (*Teaching Practice)* i ngaelscoil. *Go* amach agus déan tú féin é (GFA1).[5]

Nochtann an ráiteas thuas ó mhúinteoir ghaelscoile DEIS Banda 1 tuairim agus taithí mhúinteoirí atá ag feidhmiú sa chomhthéacs seo go beacht. Braitheann an taithí oiliúna ar an gcoláiste oideachais dár ndóigh agus tá modúil a fhreastalaíonn ar an ngaeloideachas i gcoláistí áirithe ach seachas sin braitear go bhfuil bearnaí le comhlíonadh in oiliúint mhúinteoirí maidir le feidhmiú i ngaelscoil a chuireann san áireamh cúrsaí teangeolaíochta agus socheacnamaíocha. Is cinneadh an mhúinteora é dul le máistreacht nó eile chun tuilleadh eolais a fháil ar mhórcheisteanna a bhíonn ag bagairt go laethúil.

**6. Tátal**

Tá deiseanna sa tumoideachas do dhaltaí le SSE íseal, iad siúd le deacrachtaí foghlama san áireamh, ach tá go leor dúshlán agus bearnaí sa chóras nár mhór aghaidh a thabhairt orthu. Is é ceann de na dúshláin is mó ná lagchumas na ndaltaí sa mháthairtheanga, an Béarla. Ní mór a mheabhrú anseo áfach, faoi mar a pléadh é sa léirbhreithniú litríochta, nach i gcónaí gur 'lagchumas' a bhíonn i gceist anseo ach neamhréir idir stíl teanga an pháiste SSE íseal agus an teanga acadúil/foirmiúil a mbítear ag súil leis sa chóras oideachais go ginearálta. É sin ráite, is le bearnaí sa sealbhú agus i réimsí foclóra is mó a shainigh faisnéiseoirí an staidéir reatha 'lagchumas sa mháthairtheanga'. Cé gur léirigh faisnéiseoirí (múinteoirí, MOS agus

príomhoidí) an-tuiscint agus an-léargas ar chúinsí SSE íseal agus bac sa chéad teanga, is beag feasachta a léiríodh maidir le stíl teanga an aicme oibre tríd is tríd sa staidéar.

Tá fianaise ann go n-éiríonn chomh mhaith céanna le daltaí atá faoi bhac teanga sa chóras tumoideachais is a n-éireoidh leo sa ghnáthchóras oideachais (Bruck 1978, 1982; Genesee 2004). Tacaíonn tuairimí agus taithí na n-oideachasóirí sa staidéar reatha leis an bhfianaise ó Cheanada ach leanann amhras i ngaelscoileanna DEIS áirithe maidir le lánthumadh luath do dhaltaí ar ísealchumas sa T1. Braitheann an amhras seo ar chúinsí ar nós leibhéal na ndeacrachtaí sa cheantar agus oiliúint na n-oideachasóirí. Tháinig sé chun solais go ríshoiléir go bhfuil feasacht níos airde ina measc siúd a bhfuil céim mháistreachta bainte amach acu (20% de mhúinteoirí an tsampla) sa chaoi ina n-aithníonn siad na buntáistí a bhaineann le traschur scileanna ón dara go dtí an chéad teanga. Glaoitear i gcomhair tuilleadh béime ar chláir oiliúna ar an mbaint idir SSE agus teanga i gcúrsaí oideachais agus tumoideachais, agus tuilleadh tuisceana ar an gcomhthéacs sóisialta agus teangeolaíochta ó ghníomhaireachtaí seachtracha a bhíonn ag plé le gaelscoileanna DEIS.

Is ceist phráinneach eile í gur beag tacaíochta teanga a chuirtear ar fáil don Ghaeilge in ainneoin go n-aithníonn múinteoirí na mórdheacrachtaí a bhíonn ag daltaí dul i ngleic leis an gcuraclam iomlán toisc srianta teanga sa T2. Is cosúil go bhfuil tús áite á tabhairt don Bhéarla agus don Mhata sa tacaíocht foghlama mar gheall ar dheacrachtaí tromchúiseacha le lagshealbhú an T1, an tábhacht a shamhlaítear leis an dá ábhar agus an teacht forleathan a bhíonn ag daltaí ar fhoghlaim na Gaeilge ar scoil. Is ceist acmhainne í chomh maith nuair nach bhfuil aon phost tacaíochta teanga in aon Ghaelscoil DEIS, sa chaoi céanna ina mbeadh múinteoir tacaíochta teanga i scoil Bhéarla chun tacú le sealbhú an Bhéarla mar T2 agus phríomhtheanga foghlama. Tá argóint láidir ann go bhfuil géarghá lena leithéid de ról i ngaelscoileanna DEIS chun freastal ar shainriachtanais teangeolaíocha na scoile.

Tá ráta na leitheadúlachta do dhaltaí le deacrachtaí foghlama níos airde i ngaelscoileanna DEIS ná mar atá i samplaí randamacha de SLG go náisiúnta. Deacrachtaí foghlama ardmhinicíochta a bhíonn i gceist den chuid is mó, rud a chiallaíonn go ndéantar plé leis na daltaí ar bhonn in-scoile amháin. Ardaítear roinnt ceisteanna anseo a bhaineann le héileamh

ar an tacaíocht foghlama a chuireann an scoil ar fáil, easpa acmhainní chun freastal ar na daltaí agus éiginnteacht faoin teanga agus cur chuige inar cheart an tacaíocht a chur ar fáil. Ní mór scoileanna a chumasú tré thacaíocht, acmhainní agus oiliúint ar chonas cur chuige cuimsitheach a chur i bhfeidhm a dhéanfadh freastal cuí ar chéatadán níos airde de dhaltaí le deacrachtaí foghlama i SLG DEIS.

Cé go bhfuil plé le síceolaithe ag éirí níos dóchasaí i dtéarmaí bá agus tuiscint ar an gcomhthéacs dátheangach i gceantar míbhuntáiste, braitheann sé go láidir ar an síceolaí agus is mór idir taithí scoileanna éagsúla. Is léir go bhfuil ardú ar fheasacht agus mhuinín phríomhoidí agus mhúinteoirí ina leith seo agus go bhfuil siad go láidir den tuairim nach mbaineann fadhbanna na ndaltaí le teanga in aon chor ach le deacrachtaí eile. Is díol spéise é go n-aithníonn na múinteoirí a ghlac páirt sa taighde buntáiste leis an tumoideachas do dhaltaí le deacrachtaí foghlama ó chúlraí SSE ísle. Tagann sé seo salach ar an tuairim choitianta go ndéanfadh an tumoideachas dochar do pháistí le deacrachtaí foghlama, ach go háirithe dá mbeadh na páistí  sin lonnaithe i gceantar faoi mhíbhuntáiste.

Aithníodh i Measúnachtaí Náisiúnta 2010 i Scoileanna Lán-Ghaeilge roinnt de na tréithe a bhaineann le foghlaim agus teagasc i dtimpeallachta na scoile lán-Ghaeilge go ginearálta; meán SSE na scoileanna, taithí na múinteoirí, forbairt ghairmiúil leanúnach, muinín as teagasc, teanga baile an dalta agus soláthar ar thacaíochtaí breise.  Sonraíodh sa staidéar céanna an líon beag daltaí sa sampla de scoileanna lán-Ghaeilge a bhí páirteach sa Chlár Tacaíochta Scoile (níos lú ná 10%) ach na torthaí a bhain na daltaí sin amach i léamh an Bhéarla agus sa Mhatamaitic a bheidh níos ísle ná daltaí le SSE meánach/ard i scoileanna lán-Ghaeilge. É sin ráite, nuair a chuirtear SSE na ndaltaí san áireamh, tá na torthaí mar a bhéifí ag súil leo agus dá bhrí sin ní raibh siad chomh suntasach céanna. Eascraíonn mórcheisteanna mar sin as staidéar NAIMS ’10 maidir le staid na ngaelscoileanna DEIS agus taithí agus tréithe na scoileanna agus na foirne atá ag feidhmiú iontu. Cuireadh léargas ar fáil san alt ar thírdhreach na scoile lán-Ghaeilge DEIS, a bhfuil ag éirí le daltaí iontu dar leis na hoideachasóirí a bhíonn ag plé leo, agus na dúshláin sainiúla a aithnítear ag baill foirne na scoileanna le foghlaim an Bhéarla agus na matamaitice, tacaíocht foghlama, measúnú síceolaíochta srl. Tá sainriachtanais teangeolaíocha, sóisialta agus socheacnamaíocha ag gaelscoileanna DEIS

nárbh fhéidir plé leo ar bhonn comparáide le haon ghaelscoil eile nó le haon scoil DEIS eile. Táthar ag súil leis go gcuirfidh na sonraí san alt seo tuilleadh feasachta chun cinn ar chomhthéacs ghaelscoileanna DEIS agus go mbreathnófar orthu mar shainchohórt ar leith sa Phlean DEIS.

**Giorrúcháin**

CNCM – An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
DEIS – *Delivering Equality of Opportunity in Schools*
EAL – *English as an Additional Language*
GFA/B/C/D – Grúpa Fócais A/B/C/D
GAM – *General Allocation Model*
MOS – Múinteoir Oideachas Speisialta
NAIMS – *Measúnachtaí Náisiúnta ar Léitheoireacht Bhéarla agus ar Mhatamaitic i Scoileanna a bhíonn ag Teagasc trí Mheán na Gaeilge 2010*
NEPS – An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais
ROS – Roinn Oideachais agus Scileanna
SLG – Scoileanna lán-Ghaeilge
SSE – Stádas Socheacnamaíoch

**Tagairtí**

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta CNCM (2015) *Curaclam Teanga na Bunscoile: Scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge.* BÁC: CNCM.

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2017) *DEIS Plan 2017: Delivering equality of opportunity in schools*. BÁC: ROS.

Andrews, S., Ó Duibhir, P., agus Travers, J. (2018) The prevalence and types of special educational needs in Irish-medium schools. Paper presented at the *Language, Identity and Education in Multilingual Contexts* conference, Marino Institute of Education.

Banks, J. agus McCoy, S. (2011) *A Study on the Prevalence of Special Educational Needs. NCSE Research Reports No. 9.* Co. na Mí: An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta.

Berg, B.L. (2001) *Qualitative Research Methods for the Social Sciences. (*ceathrú eagrán). Boston, MA: Allyn and Bacon.

Bernstein, B. (1960) Language and Social Class. *The British Journal of Sociology* 11: lgh. 271–276.

Bernstein, B. (1996) *Pedagogy, Symbolic Control and Identity: Theory, Research and Critique*. London: Taylor and Francis.

Bloor, M. (2001) *Focus Groups in Social Research*. London: Sage.

Bornstein M.H. agus Bradley R.H. (2003) *Socioeconomic Status, Parenting, and Child Development*. Nua Eabhrac: Routledge.

Bruck, M. (1978). The suitability of early French immersion programs for the language disabled child. *Canadian Journal of Education*, 3, lgh. 51-72.

Bruck, M. (1982). Language disabled children: Performance in an additive bilingual education program. *Applied Psycholinguistics*, 3, lgh. 45-60.

Bruck, M., Jakimik, J. agus Tucker, R.G. (2015) Are French Immersion Programs Suitable for Working-Class Children? A Follow-up Investigation. *WORD*, 27:1-3, lgh. 311-341.

Butler, Y., Sayer P. agus Huang B. (2017) Social Class and Young Language Learners. SYSTEM 47.

Cause, L. 2010. Bernstein's Code Theory and the Educational Researcher. *Asian Social Science* 6: lgh. 3–9.

An Phríomh-Oifig Staidrimh (2012) Census 2011 Small Area Population Statistics (SAPS). Ar fáil ag: http://www.cso.ie/en/census/census2011smallareapopulationstatisticssaps/

Chiu, M.M., agus McBride-Chang, C. (2006). Gender, context and reading: A comparison of students in 43 countries. *Scientific Studies of Reading*, 10, lgh. 331-362.

Clay, M. and Nig Uidhir, G. (2006) *Áis Mheasúnaithe sa Luathlitearthacht: Treoir do Mhúinteoirí*. BÁC: Carroll Education Ltd.

Cummins, J. (2000) *Language, Power, and Pedagogy: Bilingual Children in the Crossfire*. Toronto: Multilingual Matters LTD.

Demie, F. agus K. Lewis.2011. "White Working Class Achievement: An Ethnographic Study of Barriers to Learning in Schools*." Educational Studies* 37: lgh. 245–264.

Dörnyei, Z. (2007) *Research methods in applied linguistics*. Oxford: Oxford Applied Linguistics.

Duncan, G. J., agus J. Brooks-Gunn. 2000. "Family Poverty, Welfare Reform and Child Development." *Child Development* 71: lgh. 188–196.

Genesee, F. (1976) The Suitability of Immersion Programs for all Children. *The Canadian Modern Language Review*, 32:5, lgh. 494-515.

Genesee, F. (2004) What do we Know About Bilingual Education for Majority-Language Students? In: T.J. Bhatia agus W.C. Ritchie (Eag.) (2004). *The Handbook of Bilingualism* (513-576). Malden, MA, Blackwell Publishing Ltd.

Genesee, F. (2007) French Immersion and At-Risk Students: A Review of Research Evidence. *The Canadian Modern Language Review*, 36 (5), lgh. 654-687.

Genesee, F. & Fortune, T. (2014) Bilingual Education and at-risk students. *Journal of Immersion and Content-Based Language Education* 2:2, lgh. 196–209.

Gilleece, L., Shiel, G., Clerkin, A. agus Millar, D. (2012) *Measúnachtaí Náisiúnta 2010 ar Léitheoireacht Bhéarla agus ar Mhatamaitic i Scoileanna a bhíonn ag Teagasc trí mheán na Gaeilge.* BÁC: Foras Taighde ar Oideachas.

Greenbaum, T.L. (2000) *Moderating focus groups: a practical guide for group facilitation.* Thousand Oaks, CA: Sage.

Harris, J. Forde, P., Archer, P., Ní Fhearaíle, S. agus O'Gorman, M. (2006) *Irish in Primary Schools. Long-Terms National Trends in Achievement*. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

Hart, D. agus Lapkin, S. (1988) Issues of Social-Class Bias in Access to French Immersion Education. In: Lapkin, S. (Eag.) (1988) *French Second-Language Education in Canada: Empirical Studies* lgh. 324-350

Hoff,E. (2003) The Specificity of Environmental Influence: Socioeconomic Status Affects Early Vocabulary Development via Maternal Speech." Child Development, 74: 1368–1378.

Hoff, E. 2006. How Social Contexts Support and Shape Language Development. Developmental Review 26: 55–88

Hart, B., agus T.R. Risley. 2003. The Early Catastrophe: The 30 Million Word Gap by Age 3. *American Educator* 27: lgh. 4–9.

Kavanagh, L., Shiel, G. agus Gilleece, L., with Kiniry, J. (2015) *The 2014 National Assessments of English Reading and Mathematics. Volume II: Context Report*. BÁC: Foras Taighde ar Oideachas.

Labov, W. (1970). The study of language in its social context. In W. Labov (Ed.), *Sociolinguistic Patterns*. Oxford: Basil Blackwell.

McCoy, S., Quail, A., agus Smyth, E. (2012). *Growing Up in Ireland (national longitudinal study of children): Influences on 9-year-olds' learning – Home, school and community*. Dublin: Government Publications.

Molloy, G., Murtagh, L. agus McAvinue, L (2016) An examination of the oral language competence of junior infant pupils attending DEIS and Non-DEIS schools, *Irish Educational Studies*, 35:2, 213-231.

Neuman, S., Kaefer, T. agus Pinkman, A. (2017) A Double Dose of Disadvantage: Language Experiences for Low-Income Children in Home and School. *Journal of Educational Psychology* 2018, 110:1, lgh. 102–118.

Nic Gabhann, D. (2008). *Survey of Special Education Needs in Gaelscoileanna, 2006-7*. Unpublished Masters thesis.

Ní Thuairisg, L., & Ó Duibhir, P. (2016) *An leanúnachas ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil lán-Ghaeilge i bPoblacht na hÉireann*. Aimsithe ag http://www.gaelscoileanna.ie/files/An-Lean--nachas-on-mbunscoil-go-dt---an-iar-bhunscoil-l--n-Ghaeilge-_MF-2016.pdf

OECD (Organisation for Economic and Co-operative Development) (2010). *PISA 2009 results: Vol. 2. Overcoming social background – Equity in learning opportunities and outcomes*. Paris: Author.

Ó Duibhir, P., Nig Uidhir, G., Ó Cathalláin, S., Ní Thuairisg, L. agus Cosgrove, J. (2015) *Anailís ar mhúnlaí soláthair Gaelscolaíochta (Tuairisc Taighde).* Béal Feirste: An Coiste Seasta Thuaidh Theas ar Ghaeloideachas.

Ó Riagáin, P., agus Ó Gliasáin, M. (1979). *All-Irish primary schools in the Dublin area*. Dublin: Institiúid Teangeolaíochta Éireann.

Peers, I. P., P. Lloyd, agus C Foster. 2000. *Clinical Evaluation of Language Fundamentals – Preschool.* London: Psychological Corporation.

Sirin, S.R. (2005) Socioeconomic Status and Academic Achievement: A Meta-Analytic Review of Research." *Review of Educational Research* 75: lgh. 417–453.

Sofroniou, N, Archer, P. agus Weir, S. (2004) An Analysis of the Association Between Socioeconomic Context, Gender and Achievement. *The Irish Journal of Education*, 2004, xxxv lgh. 58-72.

Walker, D., C. Greenwood, B. Hart, agus J. Carta (1994) Prediction of School Outcomes Based on Early Language Production and Socioeconomic Factors. *Child Development* 65: lgh. 606–621.

Weir, S. & Denner, S. (2013) *The Evaluation of the School Support Programme under DEIS: Changes in pupil achievement in urban primary schools between 2007 and 2013.* BÁC: Foras Taighde ar Oideachas.

---

[1] *Delivering Equality of Opportunity In Schools: An Action Plan for Educational Inclusion (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2017)*

[2] Seasann GFA/B/C/D do Ghrúpa Fócais A/B/C/D a riaradh le sna ceithre scoil. I gcás GFA inar riaradh dhá ghrúpa fócais tugtar GFA1 ar ghrúpa fócais na múinteoirí agus GFA2 ar ghrúpaí fócais na MOS.

[3] Is áis foghlama í Féasta Focal atá bunaithe ar aithint focal agus ar an gcéad 200 focal ardmhinic sa Ghaeilge d'fhonn freastal ar dheacrachtaí le luathlitearthacht sa Ghaeilge ar bhonn taitneamhach.

[4] Seasann AA/AB/AC/AD d'agallamh A/B/C/D leis na príomhoidí scoile sna ceithre scoil.

[5] Ó Mheán Fómhair 2019 ar aghaidh, soláthróidh Institiúid Oideachais Marino B. Oid (Bunmhúinteoireacht) trí mheán na Gaeilge (Clár Oideachas Tosaigh Múinteoirí).